



*An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh
An Cathaoirleach*

15.9/2023

An tUas. Johan Van Overtveldt
An Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim i bhfoirm litreach ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 - na ranna uile (2023/0264(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 27 Deireadh Fómhair 2022, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach. Rinne an coiste breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Bealtaine 2023 agus ghlac sé an tuairim ag an gcruinniú sin.

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á mheabhrú gur cheart do Bhuiséad an Aontais do 2024 ailíniú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, spriocanna an Aontais maidir le haeráidneodracht agus Chomhaontú Pháras; á chreidiúint gur cheart do bhuiséad an Aontais cistiú leordhóthanach a chur ar fáil chun fás inbhuanaithe a bhaint amach agus rannchuidiú le tacaíocht leormhaith do shaoránaigh agus do ghnóthais arb iad is a ndearna géarchéimeanna iomadúla agus a n-iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíochas difear dóibh; ag leanúint d'aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise, trí thacaíocht dhíreach a thabhairt don Úcráin agus trí neamhspleáchas straitéiseach oscailte, neamhspleáchas fuinnimh, aistriú digiteach, cibearshlándáil agus cumais chosanta an Aontais a neartú.
2. á áitiú gur gá infheistíochtaí a mhéadú do thionscal an Aontais. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá gurb é 2024 an bhliain a thosóidh an Eoraip ag infheistiú ina hiomaíochas tionsclaíoch, ag aithint di a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí chun fás

inbhuanaithe agus poist ardcháilíochta a chur chun cinn.

3. á mheabhrú go raibh tionchair dhiúltacha a ag boilsciú níos airde ar bhuiséad an Aontais, go háirithe mar gheall ar an méid níos airde d'íocaíochtaí EURI, agus na méideanna neamhleora dá bharr sin atá fágtha san Ionstraim Corrlaigh Aonair chun déileáil le caiteachas gan choinne, lena n-áirítear aon fhreagairt bhreise ón Aontas ar fhorbairtí sa chogadh leanúnach i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le haon ghníomhaíochtaí nua chun spleáchas an Aontais a laghdú sna hearnálacha fuinnimh, digiteacha agus tionsclaíocha; á áitiú nár cheart íocaíochtaí úis EURI a bheith chun dochair riamh do chistiú iomchuí do chlár eile an Aontais; á chur i bhfáth nach mór do bhuiséad an Aontais tús áite a thabhairt don taighde, don nuálaíocht agus d'infheistíochtaí tionsclaíocha lena gcuirtear leis an dícharbónú, lena gcuirtear leis an athléimneacht agus leis an iomaíochas do thionscail uile na hEorpa, chun todhchaí ghlan, rathúil agus iomaíoch a dhaingniú san Eoraip.

4. á chreidiúint go láidir gur cheart go bhfaigheadh Cláir reatha an Aontais buiséad méadaithe chun a áirithiú gur féidir na cuspóirí a comhaontaíodh in 2020 chomh maith le cuspóirí nua breise ina dhiaidh sin, go háirithe i réimse an bheartais cosanta agus thionsclaíoch, a bhaint amach in ainneoin boilsciú ard. ag cur béim ar an bhfioras gur cheart leas a bhaint as an gcistiú uile atá ar fáil do Chlár, lena n-áirítear gach saoradh atá ar fáil faoi Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais.

5. á áitiú go nglacfar athbhreithniú CAI go tráthúil chun go mbeidh go leor ama ann chun teacht ar chomhaontú maidir leis an mbuiséad do 2024, rud atá ríthábhachtach i bhfianaise nach féidir NGEU a úsáid a thuilleadh chun cláir chriticiúla Aontais (lena n-áirítear Fís Eorpach) a threisiú mar a bhí amhlaidh in 2021-2023; á chur i bhfáth nach réiteach fadtéarmach inmharthana é cistiú a ath-leithdháileadh idir na cláir airgeadais atá ann cheana agus á chreidiúint go dtabharfaí comhartha dearfach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais dá ndéanfaí athbhreithniú uailmhianach ar CAI.

6. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh Ardán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) mar chéim bhuiséadach de bheartas tionsclaíoch an Aontais. á thabhairt chun suntais gur cur chuige dearfach é an méid a d'iarr an Coimisiún ach nach gcomhlíonann sé an gealltanais maidir le Ciste an Aontais um Cheannasacht; á mholadh don Choimisiún sásra nua tiomnaithe a mholadh sa chéad CAI eile. á chur in iúl gur saoth léi go n-atreoraíonn a mhaoiniú acmhainní ó chistí atá ann cheana den chuid is mó agus nach dtugann sé tacaíocht inchreidte do thionscnaimh thábhachtacha amhail an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta nó an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go mbaineann sé sin an bonn ó bhreisluach STEP toisc go gcuireann sé deireadh le cistiú atá ríthábhachtach do thodhchaí tionsclaíoch an Aontais agus d'uathriaíl straitéiseach oscailte an Aontais.

7. á chur i bhfáth gur gá cistiú leormhaith a shlógadh go tráthúil do na tograí reachtacha nua uile chun tacú leis na haistrithe fuinnimh agus comhshaoil agus digiteacha; á áitiú gur cheart buiséad breise a leithdháileadh ar thionscnaimh amhail an Gníomh Eorpach um Shliseanna, Bauhaus Eorpach Nua, an tionscnamh um Nascacht Shlán, an Banc Eorpach Hidrigine agus STEP, nó gur cheart go bhfaigheadh siad línte buiséid iomlán nua; á áitiú go rannchuideofaí le cistiú leordhóthanach a bheith ar fáil ar fud an Aontais.

8. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé sineirgí a chuíchóiriú agus a chothú idir scéimeanna

cistiúcháin uile an Aontais a thacaíonn le gníomhaithe agus nuálaithe tionscail na hEorpa; á thabhairt chun suntais gur gá faisnéis shoiléir agus inrochtana a chur ar fáil d'iarratasóirí féideartha; á iarraidh go gcomhlánófaí faisnéis le tacaíocht riaracháin thiomnaithe, go háirithe do FBManna.

9. á chur in iúl gur saoth léi na ciorruithe móra, arb ionann iad agus EUR 166 mhilliún, ar Fís Eorpach a mhol an Chomhairle ina seasamh maidir le buiséad 2024, go háirithe ós rud é nach mbeidh gealltanais NGEU ar siúl ach go dtí deireadh 2023 agus mar sin nach féidir leo é a chúiteamh; á chur i bhfáth go mbraitheann na cláir uile atá faoi shainchúram ITRE atá criticiúil don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus do neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais, go mór ar nuálaíocht a spreagadh, rud nach féidir a bhaint amach ach amháin trí chistiú fadtéarmach marthanach; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, go bhfuil aistriú agus athrú cuspóra leanúnach maoinithe taighde agus a atreorú chuig tionscadail nua agus tosaíochtaí beartais, práinneach mar a d'fhéadfadh siad a bheith, ag teacht as cuspóirí fadtéarmacha agus spriocanna an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le spriocanna aeráide agus fuinnimh.

10. ag meabhrú na n-iarmhairtí diúltacha a bhaineann le heasnamh struchtúrach cistí den sórt sin agus leis an uaillmhian mar is léir ón bhfíric nach bhféadfaí os cionn 71 % de na tionscadail a measadh a bheith 'sármhaith' faoin gclár Fís Eorpach sa chéad dá bhliain den chlár a mhaoiniú; á chur in iúl gur saoth léi cur amú tallainne mar thoradh air sin; á iarraidh go mbeadh buiséad méadaithe ann don chlár Fís Eorpach lena gceadófaí do gach fochlár 50 % ar a laghad de na tograí "sármhaithe" uile a chistiú.

11. á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, go bhfuil athneartú beartaithe ar bhuiséad cumarsáide an Choimisiúin le EUR 240 milliún don tréimhse go dtí deireadh an CAI reatha. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil tionscnamh den sórt sin á mhaoiniú le haistrithe cistí ó phríomhchlár an Aontais, lena n-áirítear Fís Eorpach.

12. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an t-aistriú i dtreo córas fuinnimh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite trí idirnasacht fheabhsaithe chun spleáchas fuinnimh an Aontais a laghdú, agus ar an gcaoi sin cobhsaíocht agus inacmhainneacht praghsanna fuinnimh a fheabhsú; agus infheistiú go suntasach i mbearta coigilte agus éifeachtúlachta fuinnimh, i méadú na n-acmhainneachtaí fuinnimh in-athnuaite intíre go háirithe i mBallstáit atá ag titim chun deiridh, agus i ndícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch i gcomhréir le straitéis comhtháthaithe earnála an Aontais;

13. á mheabhrú go bhfuil infheistíochtaí sa téarnamh socheacnamaíoch tar éis na paindéime agus i bhfianaise rátaí arda boilscithe ríthábhachtach i gcónaí; á chur i bhfios go láidir gur gá tacú le haistriú tionscal agus earnálacha ar deacair iad a mhaolú chun Aontas iomaíoch a bhaint amach ina mbeidh geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de; á athdhearbhú gur gá infheistíochtaí láidre a dhéanamh sa bhonneagar, eangacha leictreachais agus nascacht a neartú agus seachadadh agus stóráil hidrigine a éascú. ag tacú le buiséad treisithe do chomhghnóthais ábhartha, amhail hidrigin ghlan agus príomhtheicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe maidir le tacaíocht do na hearnálacha agus na FBManna is mó atá buailte ag an bpaindéim agus le tionchar chogadh foghach na Rúise chomh maith le gníomhaíochtaí a chuireann leis an aeráidneodracht.

14. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, cé go ndéantar foráil i mbuiséad 2024 do chistiú nua

tiomnaithe do thionscal na cosanta, go bhfreastalófaí ar na riachtanais go páirteach trí úsáid a bhaint as 300 milliún euro ón Ionstraim Sholúbthachta, rud a chruthaíonn éiginnteacht maidir le cistiú cosanta inbhuanaithe amach anseo; á chur in iúl gur cúis inní di go bhféadfar buiséid an Aontais amach anseo (2025-2027) a achtú gan athbhreithniú a dhéanamh ar CAI agus gan cinneadh Aontais maidir le ‘acmhainní dílse’, rud a léiríonn an gá atá leis na tograí nua maidir le hacmhainní dílse arna ndéanamh ag an gCoimisiún a ghlacadh go rathúil.

15. á iarraidh go ndéanfaí cistiú iomchuí chun Acadaimh an Tionscail Glan-nialasachta agus Acadaimh Chomhghuaillíocht Ceallraí na hEorpa a chur chun feidhme; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé lucht saothair oilte a bheith ann a rannchuideoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; á áitiú go gcuirfí oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú chun cinn.

16. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na mban san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, agus in earnálacha na nuálaíochta teicneolaíochta doimhne agus an chaipitil fiontair; á iarraidh go gcuirfear comhionannas inscne chun cinn agus na cláir uile á gcur chun feidhme agus san fhaireachán orthu;

17. á iarraidh go mbeadh cistiú agus foireann leormhaith ann do gach gníomhaireacht agus do gach comhlacht de chuid an Aontais i réimsí beartais an tionscail, an taighde agus an fhuinnimh; á iarraidh go gcuirfí cistí breise agus foireann bhreise ar fáil don Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus 10 bpost choibhéiseacha lánaimseartha bhreise agus leithreasaí comhfhreagracha breise do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA); á chur in iúl gur saoth léi na ciorruithe a mhol an Chomhairle ar bhuiséid ACER agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) a luaith a fhaigheann siad cúraimí nua a bhaineann le reachtaíocht nua a glacadh;

Mise, le meas,



Cristian-Silviu Buşoi

Cathaoirleach



Christian Ehler

Rapóirtéir